An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

Painéal Oifigeach Beartais agus Taighde (OR)

2 Ról Láithreacha ar Fáil

Leabhrán Eolais maidir leis an gComórtas

Léigh é seo go cúramach le do thoil

Poist:	**Painéal Oifigeach Beartais agus Taighde (X 2 Fholúntas Láithreacha)**
Grád:	Oifigeach Riaracháin (OR)
Stiúrthóireacht:	Aonad Dlí agus Taighde
Freagrach do:	Ceannasaí Dlí agus Taighde
Suíomh:	Campas Bhacastúin, Cill Droichid, Contae Chill Dara, Éire W23 X3PH
Tuarastal tosaigh:	€40,768 (Ráta ranníocaíochta pearsanta phinsin - RPP) nó €39,242 (Ráta gan RPP)

An dáta deiridh chun iarratais chomhlánaithe a fháil:

12pm (meán lae) Dé hAoine an 10 Aibreán 2026

Teagmháil: agrifoodjobs@rsmireland.ie

Tá an Rialálaí Agraibhia tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

Forléargas ar an Rialálaí Agraibhia

Is Oifig reachtúil neamhspleách íAn Rialálaí Agraibhia (An Rialálaí Agraibhia) a bunaíodh i mí na Nollag 2023 faoin **Acht um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia 2023.** Baineann an Rialálaí Agraibhia le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn sa slabhra soláthair agraibhia. Tá a shainchúram reachtúil agus a fhócas dírithe ar chaidreamh gnólacht le gnólacht laistigh den slabhra soláthair.

Tá dhá phríomhréimse oibre sannta don Rialálaí in Acht 2023:

(a) forfheidhmiú an dlí trádála éagóraí sa chaidreamh gnólacht le gnólacht sa slabhra soláthair agraibhia

Faoi Acht 2023, tá an Rialálaí Agraibhia ainmnithe mar an tÚdarás um Fhorfheidhmiú chun críoch **Threoir (AE) 2019/633 de 17 Aibreán 2019 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht sa slabhra soláthair talmhaíochta agus bia**.

I gcomhthráth le bunú na hOifige nuaí, tugadh isteach na **Rialacháin um Thrádáil Éagórach (IR 625 de 2023)** agus, ón dáta sin, rinneadh forálacha IR 198 de 2021 a tugadh isteach mar chuid de thrasuíomh tosaigh na Treorach i ndlí na hÉireann a chúlghairm.

Soláthraítear leis na Rialacháin um Thrádáil Éagórach cosaint dhlíthiúil i gcoinne 16 chleachtas éagóracha ar leith d'aon soláthraí táirgí agraibhia atá faoi réir a láimhdeachas bliantúil a bheith níos ísle ná láimhdeachas an cheannaitheora a luaithe a bheidh láimhdeachas bliantúil an cheannaitheora níos mó ná €2m.

(b) tuarascálacha ar shonraí praghais agus margaidh a bhaineann leis an slabhra soláthair talmhaíochta agus bia sa Stát a bhailiú, a anailísiú agus a fhoilsiú agus tuarascálacha rialta a fhoilsiú agus a anailísiú ar shaincheisteanna teagmhais maidir leis an slabhra soláthair talmhaíochta agus bia.

Tar éis iarratas ó Bhord an Rialálaí Agraibhia, shínigh Martin Heydon TD, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, rialacháin nua ar an 16 Nollaig 2025, lena tugtar an chumhacht don Rialálaí Agraibhia iallach a chur ar ghnólachtaí faisnéis praghsanna agus mhargaidh a sholáthar. Tá na Rialacháin nua (IR 629/2025) foilsithe, agus is féidir iad a fháil **anseo**.

Faoi na Rialacháin sin, beidh an cumas ag an Rialálaí iallach a chur
ar ghnólacht laistigh den slabhra soláthair agraibhia faisnéis a sholáthar a bhfuil tionchar aici ar phraghas agus ar chorrlaigh i gcásanna nach bhfuil an gnólacht sin tar éis iarratas ar fhaisnéis a chomhlíonadh go deonach.

Cúlra an Aonaid Dlí agus Taighde

De réir mar a leanann an Rialálaí Agraibhia de a chuid feidhmeanna reachtúla a fhorbairt agus a leathnú, tá gá méadaitheach ann chun acmhainn taighde a neartú chun tacú le rialáil, forfheidhmiú agus forbairt beartais éifeachtach. Dá bhrí sin, tá Aonad Dlí agus Taighde nua á bhunú ag an Rialálaí ina gcomhcheanglófar feidhmeanna comhairle dlí agus taighde le linn chéim reatha fáis na heagraíochta, agus an t-ionchas ann go n-athróidh na feidhmeanna sin ina n-aonaid neamhspleácha le himeacht ama.

I measc fhreagrachtaí an Aonaid nua sin tá:

- stiúradh a dhéanamh ar fhorbairt agus feidhmiú threoirlínte an cheannaitheora, agus maoirseacht a dhéanamh orthu.
- cuidiú le tuarascálacha éagsúla a ullmhú mar a éilítear leis an Acht um Shlabhra an tSoláthair Talmhaíochta agus Bia 2023.
- cuidiú le forbairt agus cur i gcrích leanúnach suirbhéanna bliantúla ar sholáthraithe, lena n-áirítear dearadh modheolaíochta suirbhé, anailís a dhéanamh ar thorthaí agus réimsí feabhsúcháin a aithint.
- taighde agus anailís a dhéanamh nó a choimisiúnú, agus
- tuairisciú agus moltaí a dhéanamh i ndáil le cúrsaí beartais nó tograí le haghaidh athrú reachtaíochta.

Róil

Mar chuid d'fhorbairt an Aonaid nua sin, ba mhaith leis an Rialálaí beirt Oifigeach Beartais agus Taighde a earcú a mbeidh de chúram orthu forbairt, cur i bhfeidhm agus maoirseacht na bhfreagrachtaí a leagadh amach thuas a chur chun cinn. Beidh ról lárnach ag na poist maidir le treoir shoiléir, phraiticiúil do ghnólachtaí agus do pháirtithe leasmhara a dhéanamh den aistriú sonraí, léargais agus cuspóirí rialála.

Comhcheanglófar forbairt beartais, taighde, bainistíocht oibríochtúil agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara sna poist, agus tacófar le cultúr foghlama leanúnaí, cleachtais eiticiúil agus nuálaíochta ar fud na heagraíochta, ag an am céanna. De réir mar a athróidh na róil, cabhróidh na hOifigigh Beartais agus Taighde le próisis atá ag teacht chun cinn a mhúnlú, rannchuideoidh siad le dearbhú cáilíochta, agus déanfaidh siad ionadaíocht ar an Rialálaí ag imeachtaí agus fóraim sheachtracha.

Tuairisceoidh na hiarrthóirí rathúla don Cheann Dlí agus Taighde, agus d'fhéadfadh go mbeadh ball foirne amháin ar a laghad ag tuairisciú dóibh, ag brath ar an gcaoi a n-athróidh obair na heagraíochta.

Tá na poist lonnaithe ar an gCampas Rialtais, Bacastún, Cill Droichid, Co. Chill Dara.

Ní mór do na hiarrthóirí rathúla rochtain a bheith acu ar a n-iompar féin, agus ba chóir go mbeadh ceadúnas tiomána iomlán, glan acu ós rud é go bhfuiltear ag súil le roinnt taisteal intíre agus go bhféadfadh fanacht thar oíche a bheith i gceist.

Tá sé beartaithe painéal a chruthú ón gcomórtas seo as a bhféadfar ceapacháin a dhéanamh chuig folúntais bhreise laistigh den Aonad Dlí agus Taighde chomh maith le róil chomhchosúla ar fud na heagraíochta. Fanfaidh aon phainéal a bhunófar faoin gcomórtas i bhfeidhm ar feadh 18 mí. Ní thugtar ceart chun ceapacháin le cuimsiú ar phainéal. Ní bheidh aon teidlíocht ag iarrthóirí nach gceaptar sula dtéann an painéal in éag, nó sula n-ídítear é, chun ceapacháin ina dhiaidh sin.

Ról agus Freagrachtaí

Áirítear le freagrachtaí na ról na nithe seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:

- Comhordú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm treoirlínte do cheannaitheoirí bunaithe ar rannpháirtíocht agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara chomh maith le hanailís a dhéanamh ar shonraí agus léargais atá ar fáil.
- Bainistiú a dhéanamh ar shuirbhéanna bliantúla agus aonuaire agus ar ghníomhaíochtaí taighde eile de réir mar a thagann siad chun cinn agus ar a bhfeabhsú leanúnach.
- Feidhm thaighde na heagraíochta a fhorbairt agus deiseanna a aithint chun cur le feidhmeanna éagsúla an Rialálaí.
- Rannchuidiú leis an eagraíocht trí bhainistíocht oibríochtúil éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh ar fheidhmeanna sannta laistigh den Aonad.
- Rannchuidiú le hiarrachtaí cumarsáide an Aonaid agus na heagraíochta níos leithne le raon leathan páirtithe leasmhara go háirithe maidir leis an gcreat rialála agus leis an gcur chuige ginearálta i leith treoirlínte do cheannaitheoirí agus cóid chleachtais fhéideartha a chuirfidh gnólachtaí isteach.
- Páirt ghníomhach a ghlacadh i gcultúr foghlama leanúnaí agus nuálaíochta a fhorbairt ar fud na heagraíochta.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Rialálaí ag imeachtaí do pháirtithe leasmhara – táthar ag súil le taisteal náisiúnta a bheith i gceist agus an fhéidearthacht ann go ndéanfaí taisteal thar oíche.
- Mar ról nua don Rialálaí, beidh dualgais bhreise le glacadh (atá ábhartha don ról agus/nó do na tacair sainscileanna a theastaíonn) a thiocfaidh chun cinn de réir mar a fhorbróidh an ról laistigh den eagraíocht

Tabhair faoi deara: Is treoir ghinearálta é an méid thuas maidir le príomhdhualgais agus freagrachtaí an róil, agus ní cur síos uileghabhálach é. Tá na feidhmeanna agus na freagrachtaí a sannadh ar dtús don phost bunaithe ar na riachtanais eagraíochtúla reatha, agus féadfar iad a athrú ó am go chéile.

Critéir Bhunriachtanacha

Tabhair faoi deara: Chun a chruthú don phainéal gearrliostaithe go gcomhlíonann tú na critéir, ní mór duit tagairt a dhéanamh go soiléir don chaoi a gcomhlíonann tú iad i d'iarratas. Má theipeann ort iad sin a léiriú, féadfar cosc a chur ar dhul chun cinn d'iarratais chuig céimeanna gearrliostaithe amach anseo.

Ní mór do gach iarrthóir na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ag tráth dúnta na hiomaíochta:

- Céim bhaitsiléara onóracha (Leibhéal 8 den CNC) nó a comhionann a bheith aige/aici
- Taithí a bheith aige/aici ar fhaisnéis chasta a chur in iúl go soiléir i scríbhinn nó ó bhéal
- Léiriú a dhéanamh ar an gcumas chun roinnt tionscadal agus tosaíochtaí iomaíocha a bhainistiú agus oibriú go neamhspleách agus rannchuidiú éifeachtach á dhéanamh laistigh d'fhoireann atá ag forbairt

- Cumas láidir TF agus digiteach a bheith aige/aici, lena n-áirítear inniúlacht in Microsoft Office agus taithí ar úsáid uirlisí bainistíochta sonraí nó doiciméad

- Taithí oibre 12 mhí ar a laghad a bheith aige/aici

- Ceadúnas tiomána glan iomlán a bheith aige/aici agus rochtain ar a c(h)arr féin

Critéir Inmhianaithe

Tabhair faoi deara, le do thoil, má tá gá le gearrliostú sa bhreis tar éis na critéir riachtanacha thuas a bhreithniú, féadfar rogha de na nithe seo a leanas a mheas.

Ba chóir don iarrthóir idéalach:

- Céim bhaitsiléara onóracha (Leibhéal 8 den CNC) nó níos airde a bheith aige/aici i ndisciplín a bhaineann go díreach le ról an Rialálaí Agraibhia amhail Bainistíocht Bia agus Gnó Talmhaíochta, Gnó agus Nuálaíocht Bhia, Oibríochtaí Slabhra Soláthair Bia, Córais Bhia Inbhuanaithe

- 6 mhí ar a laghad de thaithí oibre ábhartha a bheith aige/aici i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:
  - Forbairt beartais, anailís rialála nó cur i bhfeidhm reachtaíochta
  - Taighde agus anailís eacnamaíoch, mhargaidh nó earnála
  - Suirbhéanna agus tionscadail taighde a dhearadh, a bhainistiú nó anailís a dhéanamh orthu
  - Creatlacha comhlíonta rialála, forfheidhmithe nó rialachais
  - Comhairliúchán agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara

- Taithí a bheith aige/aici ar ullmhú tuarascálacha, cruinnithe eolais nó moltaí beartais

- Léiriú a thabhairt ar thuiscint láidir ar thimpeallachtaí rialála nó forfheidhmithe, ar chreataí rialachais agus cuntasachta na hearnála poiblí, agus ar dhinimic an mhargaidh agus/nó ar struchtúir slabhra soláthair, laistigh den earnáil agraibhia más féidir.

- Taithí a bheith aige/aici ar fhor-rochtain chumarsáide i dtimpeallacht oibre

- Taithí a bheith aige/aici le huirlisí léirshamhlaithe sonraí (e.g., Power BI, Tableau)

Luach Saothair

Grád Tuarastail: **Oifigeach Riaracháin**

Scála Tuarastail: €40,768 €43,464 €44,236 €47,613 €51,950 €55,395 €58,977 €62,606 €66,233 €69,849 €72,353 (LSI1), €75,789 (LSI 2)

Ráta Ranníocaíochta Pearsanta Pinsin (RPP). Tá an tuarastal sin iníoctha le duine aonair a gceanglaítear air/uirthi ranníocaíocht phearsanta phinsin (RPP) a dhéanamh dá p(h)ríomhphinsean (go ginearálta, na daoine sin ar ceapadh chuig an tSeirbhís Phoiblí iad ar dtús ar an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh sin).

€39,242 €41,991 €42,369 €45,579 €49,687 €52,858 €56,173 €59,587 €63,031 €66,469 €68,840 (LSI 1), €72,108 (LSI 2}

Ráta gan Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin (gan RPP). Tá an tuarastal sin iníoctha do dhuine aonair nach gceanglaítear air/uirthi ranníocaíocht phearsanta phinsin (RPP) a dhéanamh dá p(h)ríomhscéim phinsin.

Saoire Bhliantúil: 25 lá in aghaidh na bliana. Tá an tsaoire sin ar bhonn seachtain cúig lá, agus níl gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh.

Tabhair faoi deara:

- rachfar isteach ar phointe 1 den scála agus ní bheidh sé sin faoi réir idirbheartaíochta;
- féadfaidh pá agus coinníollacha difriúla a bheith i bhfeidhm más Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí atá ag obair é/í an duine a cheapfar, díreach roimh an gceapachán;
- féadfar ráta an luacha saothair a choigeartú ó am go chéile i gcomhréir le beartas pá an Rialtais.

Conradh: **Buan**

Promhadh: Tá tréimhse phromhaidh 12 mhí ann – tá tuilleadh sonraí ar fáil sa Leabhrán Eolais Thábhachtaigh d'Iarrthóirí (atá luaite thíos).

Próiseas Roghnaithe

Sula gcuirfidh tú d'iarratas i gcrích, léigh an Leabhrán Eolais Thábhachtaigh d'Iarrthóirí atá ar ár leathanach gairmeacha anseo: **https://www.agrifoodregulator.ie/whoweare/careers/**

Conas Iarratas a Dhéanamh

Cuir d'iarratas isteach in aon doiciméad Word nó PDF aonair amháin agus teideal an róil a bhfuil tú ag cur isteach air luaite i líne ábhair an ríomhphoist chuig **agrifoodjobs@rsmireland.ie** leis na nithe seo a leanas:

1. Litir mhínithe chuimsitheach ina dtabharfaidh tú achoimre ar an gcúis gur mhaith leat go measfaí le haghaidh an phoist thú agus ar an gcaoi a gcomhlíonann do chuid scileanna agus taithí riachtanais an róil; agus

2. CV cuimsitheach (gan dul thar 3 leathanach).

Tabhair faoi deara, le do thoil, má dhéanfar aon cheann den dá dhoiciméad atá iarrtha mar atá leagtha amach thuas, nó cuid díobh, a fhágáil ar lár go mbeidh an t-iarratas neamhiomlán. Ní mheasfar iarratais neamhiomlána le haghaidh na chéad chéime eile den phróiseas roghnaithe.

An Dáta Deiridh

Is é an dáta agus an t-am deiridh le haghaidh iarratas ná 12pm (meán lae) Dé hAoine an 10 Aibreán 2026. Ní féidir glacadh le hiarratais a gheofar tar éis an spriocdháta shonraithe.

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 2 lá oibre tar éis é a chur isteach, seol ríomhphost chuig **agrifoodjobs@rsmireland.ie**

Oifigeach Beartais agus Taighde - Creat Cumas